



An Bhruiséil, 16 Samhain 2018
(OR. en)

14246/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0202(COD)

SOC 700
ECOFIN 1051
FSTR 76
COMPET 769
FIN 887
IA 368
CODEC 1989
CADREFIN 352

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	ST 9701/18 + ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) - Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. CÚLRA

1. Ar an 30 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD)(9701/18 + ADD 1)
2. Déantar foráil sa togra go bhfuil mar aidhm ag an maoiniú ón CECD feabhas a chur ar scileanna agus ar infhostaitheacht na bhfostaithe a chaill a bpoist. Is féidir le hoibrithe tacaíocht a fháil ón gCiste i gcás gur chaill siad a bpoist ní hamháin mar gheall ar athruithe ar phátrúin trádála nó iarmhairtí na géarchéime airgeadais agus eacnamaíche, ach ar chúiseanna athstruchtúrtha eile chomh maith, amhail uathoibriú agus digitiú.

Cuimsíonn an togra tairseach 250 oibrí a briseadh as a bpoist ionas go mbeadh cás incháilithe i gceist; agus an tairseach sin níos ísle ná an tairseach 500 oibrí atá ann i láthair na huaire. Táthar ag beartú go ndéanfar ráta cómhaoinithe an CECD a ailíniú leis an ráta cómhaoinithe is airde de Chiste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+) i mBallstát faoi leith. Bheadh an CECD mar ionstraim speisialta ag an Aontas go fóill, agus é ag ligean dó freagairt do chúinsí gan choinne.

3. Níl a dtuairimí curtha in iúl go fóill ag Coiste na Réigiún ná ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta maidir leis an togra seo.
4. Táthar ag súil go gcaithfidh coiste EMPL Pharlaimint na hEorpa vóta ar an tuarascáil ar an togra ar an 27 Samhain 2018, agus go dtabharfar fógra ina leith ag an gcruinniú iomlánach a bheidh ag Parlaimint na hEorpa a bhfuiltear ag súil leis i mí na Nollag 2018.

II. AN STAID MAR ATÁ

5. Bhí an togra le haghaidh an CECD curtha i láthair ag Comhairle EPSCO ar an 21 Meitheamh 2018. Le linn phlé na Meithle um Cheisteanna Sóisialta (5 Meitheamh, 4 agus 23 Iúil, 11 agus 27 Meán Fómhair, 23 Deireadh Fómhair, 14 Samhain), mheas formhór na mBallstát go raibh an togra CECD úsáideach, cé is moite de líon beag toscaireachtaí a chuir in iúl go raibh inní orthu faoin togra.
6. Tá cuid mhór dul chun cinn déanta i ndáil leis an bplé ar an téacs iomlán faoi Uachtaránacht na hOstaire. Cuimsíonn na príomheilimintí den téacs comhréitigh a bhféadfadh mórán na dtoscaireachtaí tacú leis, mar a leagtar amach in 12835/18, na leasuithe seo a leanas:
 - soiléiriú ar chuspóirí ginearálta agus sonracha an CECD (Airteagal 3),
 - soiléiriú maidir le heisiamh cásanna mar thoradh ar chiorruithe buiséid a rinne Ballstát. Mheas na toscaireachtaí gur céim sa treo ceart atá sa togra ón Uachtaránacht, fad is gur thug siad dá n-aire go mbeadh gá le tuilleadh oibre (Airteagal 5.4),
 - ba cheart scaipeadh scileanna digiteacha a mholadh go láidir seachas é a bheith éigeantach (Airteagal 8),
 - tréimhse measúnachta an iarratais giorraithe ag an gCoimisiún (Airteagal 9.4),

- scriosadh na forála maidir leis an oibleagáid cearta a bhronnadh ar an gCoimisiún i ndáil leis na hábhair chumarsáide agus infheictheachta go léir (Airteagal 13.3 an dara mír ar aghaidh),
 - mír bhreise ina bhforáiltear go mbeadh ráta cómhaoinithe na mbeart CECD ailínithe le ráta cómhaoinithe an CSE+ '*nó beidh 60% i gceist, nó cibé is airde*', rud a dhéanann tagairt do ráta reatha CECD (Airteagal 14),
 - simpliú na dtáscairí agus na riachtanas, trí scriosadh *inter alia* táscaire fhadtéarmaigh, méid áirithe de na táscairí toraidh agus an tsuirbhé ar na tairbhíthe (Airteagal 9, Airteagal 20 agus an iarscríbhinn).
7. Is gá obair sa bhreis a dhéanamh ar an togra. Mhol líon níos mó de na Ballstáit gur cheart bailíocht an CECD a theorannú agus a ailíniú le tréimhse ama an CAI. Thacaigh roinnt Ballstát le leasuithe ar mhaithe le margáí saothair beaga. Ag an gcéim seo, ní raibh dóthain tacaíochta ann do na hathruithe ar na bearta incháilithe agus a aicmithe ná do scriosadh na dtagairtí d'úsáid gníomhartha tarmligthe.
8. I gcomhréir leis an treoir ar an Measúnú Tionchair (6270/18), iarradh ar na toscaireachtaí freagra a thabhairt ar an gceistneoir maidir leis an togra. Tíolacadh achoimre na hUachtaránachta ar thuairimí na dtoscaireachtaí ag cruinniú na Meithle um Cheisteanna Sóisialta ar an 11 Meán Fómhair 2018 agus í leagtha amach in 11744/18.
9. Ó tharla go bhfuil an Rialachán atá beartaithe ar cheann de na pacáistí de thograí a bhaineann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), cuireadh ar leataobh gach foráil lena ngabhann impleachtaí buiséadacha nó ar de chineál cothrománach í - agus dá réir sin ní áirítear iad sa phlé ag cruinniú na Meithle - ag feitheamh ar dhul chun cinn sa bhreis leis an CAI. Baineann na forálacha seo, atá idir lúibíní cearnacha sa téacs, le bainistíocht fóna airgeadais agus an smacht reachta (aithris 35) agus leis na gealltanais a thug an tAontas Eorpach faoi Chomhaontú Pháras agus Spriocanna Inbhuanaítheachta na Náisiún Aontaithe maidir le sprioc 25% ó thaobh gníomhú ar son na haeráide de (aithris 37).